Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16493/25**

**ENER 658**
**ENV 1343**
**CONSOM 284**
**DELACT 188**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Nollaig 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 8303 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 5.12.2025 lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1669 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh ar fhóin chliste agus ríomhairí táibléid |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 8303 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 8303 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.12.2025
C(2025) 8303 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 5.12.2025**

**lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1669 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh ar fhóin chliste agus ríomhairí táibléid**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá earráidí sna leaganacha Danmhairgise, Eastóinise, Laitvise, Máltaise, Ollainnise, Polainnise, Rómáinise, Spáinnise agus Sualainnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1669. Chun na leaganacha teanga sin a ailíniú leis na leaganacha teanga eile, is gá Rialachán Tarmligthe lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1669 a ghlacadh.

## 2. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Ceartaítear leis an Rialachán Tarmligthe seo earráidí aistriúcháin sna leaganacha Danmhairgise, Eastóinise, Laitvise, Máltaise, Ollainnise, Polainnise, Rómáinise, Spáinnise agus Sualainnise den téacs.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5.12.2025**

**lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1669 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh ar fhóin chliste agus ríomhairí táibléid**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE[1], agus go háirithe Airteagal 16(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sna leaganacha Danmhairgise, Eastóinise, Laitvise, Máltaise, Ollainnise, Polainnise, Rómáinise, Spáinnise agus Sualainnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1669 ón gCoimisiún[2], tá earráid in Iarscríbhinn III, pointe 2.2(a), an tríú habairt, a mhéid a bhaineann leis an lipéad a fheistiú. Leis an earráid, déantar brí na forála a athrú, agus déantar difear dá substaint dá bharr. Tá earráid bhreise sa leagan Danmhairgise. Fágadh marc poncaíochta ar lár idir dhá abairt, rud a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le doiléireacht teanga.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart na leaganacha Danmhairgise, Eastóinise, Laitvise, Máltaise, Ollainnise, Polainnise, Rómáinise, Spáinnise agus Sualainnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1669 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)*

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

1 IO L 198, 28.7.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1369/oj.

2 Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1669 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh ar fhóin chliste agus ríomhairí táibléid (IO L 214, 31.8.2023, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/1669/oj).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5.12.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*